C/2024/3879

18.6.2024

Fógra le haghaidh an duine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2015/740 ón gComhairle, arna gcur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2024/1731 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2015/735 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1725 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin Theas

(C/2024/3879)

Dírítear aird an duine a luaitear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/740 ón gComhairle ([1]), arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2024/1731 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/735 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1725 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin Theas ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tar éis di athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na ndaoine arna n-ainmniú sna hiarscríbhinní thuasluaite, chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh, gur cheart go leanfadh na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2015/740 agus i Rialachán (AE) 2015/735 d'fheidhm a bheith acu maidir leis an duine sin. Luaitear sna hiontrálacha ábhartha sna hIarscríbhinní sin na forais ar a ndearnadh an duine lena mbaineann a liostú.

Dírítear aird an duine lena mbaineann ar an bhféidearthacht iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát ábhartha, mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2015/735, chun údarú a fháil cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 6 den Rialachán).

Féadfaidh an duine lena mbaineann iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle, a mbeidh doiciméadacht tacaíochta ag gabháil leis, gur cheart breathnú arís ar an gcinneadh an duine sin a chur ar na liostaí thuasluaite, faoin 21 Nollaig 2024, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
rphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críche an athbhreithnithe thréimhsiúla a dhéanfaidh an Chomhairle, de bhun Airteagal 12(2) de Chinneadh (CBES) 2015/740 agus Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 2015/735, ar liosta na ndaoine ainmnithe.

Dírítear aird ndaoine lena mbaineann freisin ar an bhféidearthacht an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263,den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 117, 8.5.2015, lch. 52.
([2]) IO L, 2024/1731, 18.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1731/oj.
([3]) IO L 117, 8.5.2015, lch. 13.
([4]) IO L, 2024/1725, 18.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1725/oj.